Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10124/26**

**ECOFIN 733**
**UEM 211**
**SOC 321**
**EMPL 150**
**COMPET 680**
**ENV 623**
**EDUC 205**
**ENER 322**
**JAI 734**
**GENDER 61**
**JEUN 102**
**SAN 398**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 208 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh<br>MOLADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Gréige |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 208 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 208 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.6.2026
COM(2026) 208 final

Moladh le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Gréige**

{SWD(2026) 208 final}

GA

GA

Moladh le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Gréige**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle([1]), agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú ([2]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d’aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar na nithe atá i gceist leis an Seimeastar Eorpach, tá foirmiú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin, go háirithe.

---

1 Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

2 Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj).

(2) An 16 Iúil 2025, ghlac an Coimisiún an togra uaidh le haghaidh rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509([3]). Is é is aidhm don togra éifeachtacht an chistithe ón Aontas a mhéadú trí ilroinnt an ollstruchtúir airgeadais a laghdú agus trí thacú leis na Ballstáit a mbeartas eacnamaíoch a chomhordú i gcomhréir le hAirteagal 175 CFAE.

(3) An 25 Samhain 2025 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na Gréige 2026. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil inar sainaithníodh an Ghréig mar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina teannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([4]) an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(4) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Tá an Seimeastar Eorpach ailínithe leis an gCompás Iomaíochais, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch, ar cur chuige é lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(5) In 2026, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta ([5]). Le blianta beaga anuas, tá pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag

---

3 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 - COM/2025/565 final. Tá an Rialachán atá beartaithe á chaibidliú leis na comhreachtóirí faoi láthair.

4 IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj).

5 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe a dtacaítear leo agus a gcuirtear chun feidhme fúithi a choinneáil ar bun, chun comhsheasmhacht agus leanúnachas idir an plean téarnaimh agus athléimneachta agus na Pleananna CNR a bheidh ann amach anseo a áirithiú, i measc nithe eile.

(6) An 3 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 maidir leis an nGréig. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an nGréig ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an nGréig. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Gréige ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(7) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir leis an nGréig. Príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne foireann an Choimisiúin ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha i gcás na Gréige, ar measúnú é a rinneadh chun críocha an Rialacháin sin, foilsíodh iad an 20 Bealtaine 2026([6]). An 3 Meitheamh 2026, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid maidir leis an nGréig nach bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ag baint léi a thuilleadh. Go háirithe, tá laghdú tagtha ar leochaileachtaí a bhaineann le fiachas rialtais agus fiachas seachtrach le blianta beaga anuas, le tacaíocht ó fhás seasta OTI, agus barrachais bhuiséadacha ag cur tuilleadh le laghduithe ar fhiachas rialtais; tá feabhas tagtha ar chláir chomhardaithe na mbanc; tá an t-easnamh sa chuntas reatha fós suntasach ach lena mhaoiniú fabhrach maolaítear rioscaí inbhuanaitheachta seachtracha. Tá athchóirithe ábhartha curtha chun feidhme ag an nGréig chun a leochaileachtaí seanbhunaithe a laghdú. Cé go bhfuil sé fós ard, tá laghdú leanúnach tagtha ar an gcóimheas fiachais rialtais–OTI mar gheall ar bheartas fioscach stuama agus fás OTI, rud a thacaigh freisin le feabhas a chur ar an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta dhiúltach. Meastar go dtiocfaidh tuilleadh laghdaithe ar fhiachas rialtais agus ar chóimheasa fiachais sheachtraigh araon. Tá an t-easnamh sa chuntas reatha fós ard agus ní mheastar go dtiocfaidh feabhas air i mbliana, ach meastar go gcumhdófar sciar mór de le maoiniú ón Aontas agus le maoiniú príobháideach nach ngineann fiachas. Tá feabhas tagtha ar mhargadh an tsaothair, agus tuilleadh laghdaithe tagtha ar an ráta dífhostaíochta. Le blianta beaga anuas, tá a gcláir chomhardaithe glanta ag na bainc. Tá réiteach na n-iasachtaí neamhthuillmheacha atá i seilbh seirbhíseoirí lasmuigh den earnáil baincéireachta fós mall, áfach. Rinneadh dul chun cinn maith maidir leis an mbeartas foriomlán agus tugadh aghaidh ar na príomhleochaileachtaí, agus ghlac an rialtas raon leathan beart chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó, ar an margadh saothair agus ar an riarachán cánach. Ag féachaint chun cinn, dá gcloífí le beartais fhioscacha fhónta, chuideofaí le fiachas rialtais a laghdú a thuilleadh agus cé go bhfuil dúshláin struchtúracha fós ann a bhaineann le táirgiúlacht saothair, cuirfidh an Seimeastar Eorpach creat ar fáil chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le hathchóirithe struchtúracha.

(8) An 21 Eanáir 2025, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach

6 SWD(2026) 137 final.

náisiúnta na Gréige([7]). Leis an bplean, cumhdaítear an tréimhse ó 2025 go 2028 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach thar 4 bliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 3,7 % in 2025, 3,6 % in 2026, 3,1 % in 2027 agus 3,0 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2023, mar atá 6,5 % in 2025, 10,3 % in 2026, 13,7 % in 2027 agus 17,1 % in 2028.

(9) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach ([8]) agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Tar éis iarraidh a fháil ón nGréig, an 8 Iúil 2025, agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena gceadaítear don Ghréig imeacht ó uasrátaí fáis molta an ghlanchaiteachais ([9]). Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), beidh an Ghréig in ann tosaíocht a thabhairt an athuair do chaiteachas rialtais nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas níos airde go marthanach ar an gcosaint.

(10) An 30 Aibreán 2026, chuir an Ghréig Tuarascáil Bhliantúil 2026 ar Dhul Chun Cinn ([10]) isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Gréige i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(11) In 2025, ba é 2,1 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 2,9 % a bhí i ráta boilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 1,8 % in 2026 agus go bhfásfaidh sé faoi 1,6 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 3,7 % ann in 2026 agus 2,4 % in 2027.

(12) Ar bhonn sonraí arna soláthar ag Eurostat([11]), tháinig méadú ar bharrachas rialtais ghinearálta na Gréige ó 1,3 % de OTI in 2024 go 1,7 % de OTI in 2025. Léiríonn an méadú ar an mbarrachas in 2025 caiteachas úis níos ísle den chuid is mó agus caiteachas reatha srianta, in éineacht le hioncam CBL níos airde d'ainneoin chur chun feidhme na mbeart forleathnaitheach (0,6 % de OTI), lena n-áirítear ciorruithe ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta, pá níos airde san earnáil phoiblí, agus tacaíocht

7 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Gréige (IO C, C/2025/661, 10.2.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/661/oj).

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, 19.3.2025, C (2025) 2000 final.

9 Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don Ghréig imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú), (IO C, C/2025/3965, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3965/oj).

10 Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn le fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_ga

11 Táscairí Eurostat-Euro, 22 04 2026.

teaghlaigh spriocdhírithe. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún barrachas 0,8 % de OTI in 2026 agus 0,6 % de OTI in 2027. Léiríonn an laghdú ar an mbarrachas in 2026 den chuid is mó tionchar na gciorruithe cánach (cáin ioncaim phearsanta, cáin mhaoine agus CBL), méaduithe ar phinsin agus ar phá na hearnála poiblí, chomh maith le caiteachas cosanta níos airde agus bearta sealadacha tacaíochta fuinnimh. Léiríonn an laghdú breise ar an mbarrachas in 2027 den chuid is mó tionchar na bliana iomláine de phacáiste fioscach forleathnaitheach 2026, laghdú breise ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta, agus méaduithe breise ar phá na hearnála poiblí.

(13) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach([12]), lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí sí forleathnaitheach, faoi 0,8 % de OTI, in 2025. Réamh-mheastar go mbeidh sí forleathnaitheach, faoi 2,8 % de OTI, in 2026 agus go mbeidh sí crapthach, faoi 1,5 % de OTI, in 2027.

(14) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil([13]), tháinig laghdú ar fhiachas rialtais ghinearálta na Gréige ó 154,2 % de OTI ag deireadh 2024 go 146,1 % de OTI ag deireadh 2025. Ba iad fás OTI ainmniúil agus an barrachas buiséid ba mhó ba chúis leis an laghdú ar an gcóimheas fiachais in 2025. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go laghdóidh an cóimheas idir fiachas agus OTI go 140,7 % faoi dheireadh 2026 agus go laghdóidh sé a thuilleadh go 134,4 % faoi dheireadh 2027.

(15) Ar bhonn shonraí Eurostat([14]), 2,4 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na Gréige ar an gcosaint in 2025**,** rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 0,2 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid leis an mbliain thagartha 2024. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh sé ag 2,6 % de OTI in 2026, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 0,4 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2024.

(16) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, tá bearta beartais fhioscaigh glactha ag an nGréig chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú([15]). Áirítear orthu sin meascán d'aistrithe sóisialta agus de bhearta tacaíochta praghais, go háirithe fóirdheontas díosail neamh-spriocdhírithe (EUR 0,16 in aghaidh an lítir) agus pas

[12] Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an acmhainneacht fáis mheántéarmaigh agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

[13] Táscairí Eurostat-Euro, 22 04 2026.

[14] Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

[15] Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

breosla spriocdhírithe lena gcuirfear EUR 50-60 in aghaidh na feithicle ar fáil do mhí Aibreáin-mí na Bealtaine 2026, chomh maith le fóirdheontas leasacháin atá spriocdhírithe ar fheirmeoirí lena gcumhdófar 15 % de na costais d'earnáil na talmhaíochta le haghaidh na tréimhse ó mhí Aibreáin go mí Lúnasa 2026. Is éard atá i gceist le tacaíocht bhreise aistriú spriocdhírithe aonuaire chuig teaghlaigh a bhfuil leanaí acu (EUR 150 in aghaidh an linbh) agus cúiteamh d'oibreoirí farantóireachta chun costais iompair a shrianadh. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é 0,2 % de OTI a bheidh i gcostas fioscach na mbeart sin in 2026. De réir mheastacháin an Choimisiúin, dá leanfadh na bearta sin de bheith i bhfeidhm go dtí deireadh 2026, is é 0,6 % de OTI a bheadh sa chostas fioscach a bhaineann leo in 2026.

(17) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d'fhás an glanchaiteachas sa Ghréig faoi 3,0 % in 2025 agus is fás carnach 2,8 % a bhí ann in 2024 agus 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 faoi bhun an uasráta a moladh. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a moladh freisin.

(18) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa Ghréig faoi 7,3 % in 2026 agus gur fás carnach 10,4 % a bheidh ann in 2024, 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,5 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholadh freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,2 % de OTI i dtéarmaí carnacha. Mar sin féin, tá an diall réamh-mheasta laistigh de sholúbthacht an chlásail éalaithe náisiúnta bunaithe ar réamh-mheastacháin reatha maidir le caiteachas cosanta.

(19) Bhí lárú agus digiteáil an riaracháin cánach agus custaim ríthábhachtach chun comhlíonadh cánach a mhéadú, le leathadh amach uirlisí digiteacha agus córais chomhlíontachta neartaithe, mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta freisin, rud a chuir le laghdú suntasach ar an mbearna chomhlíontachta CBL. Chun an dul chun cinn sin a choinneáil ar bun, tá sé ríthábhachtach infheistíocht a choinneáil ar bun, lena n-áirítear córais TF a forbraítear le tacaíocht STA, trí acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh le haghaidh cothabháil córais agus acmhainneacht inmheánach. An tráth céanna, tá líon mór caiteachas cánach fós mar chuid den chóras cánach (1,236 chás in 2025) a bhfuil tionchar suntasach buiséadach acu, rud a mhéadaíonn castacht an chórais cánach agus a dhéanann difear d'éifeachtúlacht ioncaim. Le meastóireacht chórasach ar chaiteachas cánach, réiteofaí an bealach chun caiteachas cánach a chuíchóiriú, agus ar an gcaoi sin chuirfí feabhas ar thrédhearcacht fhoriomlán an chórais cánach agus thacófaí le hinbhuanaitheacht fhioscach. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí i riarachán custaim freisin. Cé go bhfuil méadú tagtha ar ioncam custaim mar gheall ar lárú leanúnach riaracháin custaim d'ainneoin allmhairí foriomlána níos ísle, dá ndéanfaí lárú na gcigireachtaí a thabhairt chun críche, acmhainneacht oibríochtúil a neartú agus bonneagar a leathnú ag pointí iontrála móra, lena n-áirítear Calafort Piraeus, chuirfí tuilleadh feabhais ar fhorfheidhmiú agus ar bhailiú ioncaim.

(20) Tá an Ghréig ag leanúint de bhearta a dhéanamh chun a riarachán poiblí a nuachóiriú. Tar éis coigeartú suntasach tar éis 2010, rinneadh méid agus costas an riaracháin phoiblí a ailíniú go ginearálta le meán an Aontais. D'fhan bille pá earnáil phoiblí na Gréige sách cobhsaí in 2025 ag 10,2 % de OTI, rud a bhí beagán faoi bhun mheán an Aontais (10,3 % de OTI). Chun an méid sin a choinneáil ar bun, tá sé ríthábhachtach

leanúint den ghreille pá aontaithe a chur i bhfeidhm, agus na leibhéil foirne atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun ag an am céanna, lena n-áirítear le haghaidh baill foirne shealadacha. Tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta chun éifeachtacht an riaracháin phoiblí a fheabhsú, lena n-áirítear creat rialachais il-leibhéil a glacadh in 2023, lenar cheart feabhas a chur ar an gcomhordú idir riaracháin lárnacha, réigiúnacha agus áitiúla, mar shampla i mbainistiú uisce agus i gcosanta sibhialta. Meastar go dtosóidh an Ghréig ar an gcreat rialachais a chur i bhfeidhm a luaithe a ghlacfaidh sí dlí códaithe lena dtabharfar freagrachtaí uile an riaracháin réigiúnaigh agus áitiúil faoi chreat dlíthiúil aonair, rud a mheastar a bheidh i bhfeidhm in 2026.

(21) Tá dul chun cinn déanta chun iasachtaí neamhthuillmheacha ar chláir chomhardaithe na mbanc a laghdú, ach tá réiteach na n-iasachtaí neamhthuillmheacha atá fágtha, atá á mbainistiú den chuid is mó ag seirbhíseoirí creidmheasa faoi láthair, ag dul ar aghaidh ag luas mall. Is é an toradh a bhíonn ar bhacainní breithiúnacha, amhail fad fada an réitigh bhreithiúnaigh ar dhíospóidí réamhcheant agus iarcheant, leas íseal tríú páirtí agus ceantanna nach n-éiríonn leo, rud a chuireann moill ar leachtuithe comhthaobhachta. Leis na moilleanna réamhluaite sna himeachtaí leachtaithe agus díspreagadh ceannaitheoirí ionchasacha ó pháirt a ghlacadh i gceantanna atá mar thoradh orthu, baintear an bonn d'éifeachtúlacht fhoriomlán an chreata um réiteach fiachais, agus laghdaítear soláthar éifeachtach maoine freisin. Cuireann moilleanna leis an ngéarchéim inacmhainneachta tithíochta freisin, ós rud é go bhfuil go leor áiteanna folmha cónaithe fite fuaite i bpróisis a bhaineann le forfheidhmiú fiachais. Is é is aidhm do bhearta nós imeachta a glacadh le déanaí aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna thuasluaite trí dhlús a chur le réiteach díospóidí réamhcheant agus iarcheant, amhail (i) simplithe nós imeachta, (ii) bearta chun comhchruinniú díréireach dlíthíochta a bhaineann le forfheidhmiú i limistéir uirbeacha a sheachaint agus (iii) ardán digiteach chun dul chun cinn cinntitheach a dhéanamh ar dhátaí éisteachta i bhfad i gcéin; mar sin féin, ní féidir a n-éifeachtacht a fhionnadh go fóill.

(22) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(23) Sa Ghréig, an luas atá faoi chur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, rud a chuimsíonn tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), is luas é atá chun tosaigh ar mheánluas cur chun feidhme an Aontais, i gcás roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon. Tá sé tábhachtach an dlús atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun, agus tionchar na n-infheistíochtaí ar an láthair a uasmhéadú an tráth céanna. Tá an Ghréig ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gur ghá tuilleadh airde a thabhairt ar réimsí áirithe maidir le cur chun feidhme, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an nuálaíocht, le bainistiú dramhaíola, le hiompar uirbeach poiblí, le hiarnróid agus le bearta áitbhunaithe chun caipiteal daonna a choinneáil ar bun lasmuigh de réigiún na príomhchathrach agus chun aghaidh a thabhairt ar an meath déimeagrafach i réigiúin bheagfhorbartha. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an Ghréig ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a shainaithnítear sa

Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma([16]), tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a chur in úsáid go tapa agus go héifeachtach.

(24) Tá roinnt dúshlán roimh an nGréig a bhaineann leis an ualach rialála, bacainní iontrála ar mhargaí táirgí agus seirbhísí, ilroinnt an bheartais taighde, imeachtaí breithiúnacha fada agus éiginnteacht mar gheall ar easpa pleananna lena sainítear úsáidí talún.

(25) Tá feabhas curtha ag an nGréig ar a creat rialála agus tá uirlisí digiteacha curtha chun feidhme aici chun idirghníomhaíocht gnólachtaí leis an Stát a chuíchóiriú, mar shampla tríd an bpróiseas ceadúnúcháin a shimpliú agus a dhigiteáil chun gnólachtaí a bhunú agus a oibriú. Mar sin féin, measann gnólachtaí Gréagacha fós gur dúshlán mór don infheistíocht é comhlíonadh riachtanach na rialachán gnó, mar a léirítear i suirbhéanna a rinne an Banc Eorpach Infheistíochta. Tá iliomad seirbhísí agus tréimhsí formheasa fada fós i gceist le ceadú comhshaoil. Cúis amháin is ea nach bhfuil an creat rialála curtha i gcrích toisc nár glacadh na gníomhartha tánaisteacha uile go fóill lena gceadófaí próiseas ceadaithe níos éadroime i gcás athruithe neamhshubstaintiúla. Chomh maith leis sin, le hacmhainneacht leordhóthanach agus digiteáil na clárlainne leictreonaí comhshaoil ó cheann go ceann agus na bpróiseas ceadaithe gaolmhar le haghaidh na seirbhísí uile lena mbaineann, chuideofaí le ceadú comhshaoil a bhrostú. Thairis sin, tá an creat dlíthiúil le haghaidh comhaontuithe lamháltais maidir leis an gcladach as dáta agus cuireann sé bac ar infheistíocht i mbonneagar atá ann cheana agus i mbonneagar nua. Go háirithe, bonneagar a bhaineann le gníomhaíochtaí tionsclaíocha, eastóscacha agus gníomhaíochtaí tacaíochta eile, bhainfeadh an bonneagar sin tairbhe as creat dlíthiúil ar leith, i bhfianaise na gceanglas sábháilteachta agus comhshaoil an-chasta atá ann. Ar an iomlán, bheadh measúnuithe láidre tionchair rialála ina bpríomhuirlis chun aon ualach rialála nach bhfuil údar leis a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt air. Tríd an mapáil chadastrach a chur i gcrích agus í a chomhtháthú mar chuid de chroíchóras faisnéise an riaracháin phoiblí agus an riaracháin cánach, meastar go laghdófar an t-ualach riaracháin ar an earnáil phríobháideach, lena n-áirítear ar fheirmeoirí.

(26) Bíonn ar sheirbhísí gairmiúla, go háirithe dlíodóirí, ailtirí, innealtóirí sibhialta agus cuntasóirí dul i ngleic le rialacháin dhiana a dhéanann difear do sholáthar seirbhísí intíre agus trasteorann (lena n-áirítear ceanglais iontrála; srianta ar chleachtais ildisciplíneacha agus ar fhógraíocht; srianta críochacha; agus, i gcásanna áirithe, sceidil táillí seasta). Tá ráta íseal dúnta gnó ag na seirbhísí gairmiúla sin freisin. Ar an gcaoi chéanna, tá srian rialála fós ar thrádáil laistigh den Aontas, go háirithe a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le miondíola, criosaithe agus ceadúnúcháin. Feidhmíonn earnáil na cógaisíochta fós faoi rialacha dochta bunaíochta, lena n-áirítear srianta a bhaineann le daonra agus srianta geografacha. In earnálacha an iompair agus na teileachumarsáide, tá rialacha bunaíochta earnáilsonracha níos sriantaí freisin ná mar atá san Aontas ina iomláine. I gcomhthéacs an Mhargaidh Aonair, le athruithe rialta ar rialacha cánach, costais arda chomhlíonta agus bacainní rialála, méadaítear costais iontrála agus bhunaithe d’infheisteoirí coigríche agus do sholáthraithe seirbhíse. Tá na srianta sin thar a bheith suntasach sna seirbhísí gairmiúla agus sa mhiondíol, agus in earnálacha an iompair agus an ghréasáin.

---

16 Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

(27) Tá bainistiú beartais taighde agus foinsí cistiúcháin fós ilroinnte ar fud roinnt aireachtaí agus eintiteas poiblí sa Ghréig, agus bhí comhordú i measc na gcomhlachtaí sin lag. Maidir le rochtain ar mhaoiniú, tá infheistíocht caipitil fiontair fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais agus an chothromais phríobháidigh áitiúil, agus níl aon fhorbairt déanta ar mhargadh caipitil fiontair fáis. Mar thoradh air sin, tá spleáchas ar thionscnaimh státurraithe seachas ar mhargaí príobháideacha aibí. An tráth céanna, cé go bhfuil rochtain ar mhaoiniú ag céim an tsíl i gcomhréir tríd is tríd le piaraí an Aontais, tá srianta cistiúcháin fós ann nuair a bhíonn gnólachtaí nuathionscanta ag druidim le céim an fháis luathchéime nó leis an gcéim fáis. Thairis sin, cé go bhfuil méadú tagtha ar thacaíocht phoiblí do T&F in earnáil an ghnó, tá caiteachas na hearnála príobháidí fós go mór chun deiridh ar mheán an Aontais. Amach anseo, beidh sé ríthábhachtach i gcónaí rialachas an bheartais taighde a neartú agus cistiú fadtéarmach T&F a áirithiú. Tá srianta airgeadais ghnólachtaí na Gréige níos measa fós mar gheall ar íocaíochtaí déanacha, go háirithe ón earnáil phoiblí. Tá an sciar de FBManna a bhfuil orthu dul i ngleic le híocaíochtaí déanacha ó chomhlachtaí poiblí i bhfad os cionn mheán an Aontais (33 % i gcomparáid le 20 %).

(28) Cuirtear bac breise ar acmhainneacht nuálaíochta na Gréige mar gheall ar ghlacadh na dteicneolaíochtaí digiteacha atá fós íseal ag gnólachtaí, go háirithe ag FBManna. D’ainneoin an dul chun cinn atá déanta, tá digiteáil FBManna fós i bhfad níos ísle ná meán an Aontais (55,95 % i gcomparáid le 71,39 % in 2025). Ar an iomlán, tá gnólachtaí chun deiridh freisin maidir le glacadh príomhtheicneolaíochtaí digiteacha, amhail an intleacht shaorga (IS), an néalríomhaireacht agus an anailísíocht sonraí.

(29) Tá tuilleadh dul chun cinn déanta ag an nGréig maidir le héifeachtacht agus éifeachtúlacht an chórais cheartais a fheabhsú, trí Chód an Nós Imeachta Shibhialta a leasú chun feabhas a chur ar stiúradh trialacha sibhialta agus tráchtála sa chéad chéim agus sa chéim achomhairc agus i gcomhthéacs an fhorfheidhmithe, chomh maith le próisis bhreithiúnacha a dhigiteáil; chomh maith leis sin, trí shocruithe nua dlínsiúla a ghlacadh maidir le díospóidí a eascraíonn as imeachtaí soláthair phoiblí. Tá Cód maidir le Sásraí Malartacha um Réiteach Díospóidí á fhorbairt, a leathnófar a raon feidhme freisin chun díospóidí a bhaineann le soláthar poiblí a réiteach. Mar sin féin, níor fógraíodh go fóill é. Mar sin féin, tá comhtháthú na teicneolaíochta faisnéise in imeachtaí breithiúnacha fós neamhleor nó treallach; tá sé fós teoranta do roinnt dlínsí agus ní chumhdaíonn sé gach sreabhadh gnó, agus tá imeachtaí os comhair cúirteanna sibhialta, pionósacha agus riaracháin fós i measc na gceann is faide san Aontas, rud is cúis le riaráistí suntasacha, a dhéanann difear go háirithe d’fhorfheidhmiú ceart conarthach agus maoine, do chur chun feidhme imeachtaí forfheidhmithe agus do réiteach díospóidí soláthair phoiblí. Thairis sin, tá deis ann tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh san athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil maidir le heagrú na gcúirteanna agus stádas na mbreithiúna.

(30) Faoi láthair, ní chumhdaítear ach thart ar 20 % de chríoch na Gréige le pleananna uirbeacha áitiúla formheasta. Tá easpa úsáidí sainithe talún ina cúis le héiginnteacht maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch cheadaithe agus le tógáil neamhfhoirmiúil, rud a chruthaigh brú neamh-inbhuanaithe ar an gcomhshaol agus ar an mbonneagar. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag an nGréig maidir leis na pleananna uirbeacha a fhorbairt trí STA, ní mór an t-athchóiriú a thabhairt chun críche chun cabhrú le dlús a chur leis an infheistíocht.

(31) D’ainneoin go bhfuil sciar an fhuinnimh in-athnuaite ag dul i méid ina táirgeadh foriomlán leictreachais, tá an Ghréig fós ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise. Tá praghsanna mórdhíola leictreachais luaineach, agus is measa fós iad mar gheall ar

fhorbairtí geopholaitiúla, agus tá siad níos airde ná meán an Aontais fós, mar gheall go páirteach ar an leibhéal ard spleáchais ar ghás nádúrtha chun leictreachas a ghiniúint. I bplean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige, tá roinnt athchóirithe agus infheistíochtaí, lena n-áirítear acmhainneacht stórála a mhéadú, rudaí a mheastar a chuirfidh dlús leis an dícharbónú. Mar sin féin, tá údar le tuilleadh gníomhaíochtaí chun spleáchas na Gréige ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus chun praghsanna leictreachais a ísliú, mar shampla limistéir a ainmniú le haghaidh forbairt gaoithe amach ón gcósta, freagairt don éileamh a chur chun cinn agus dlús a chur le rolladh amach méadar cliste, idirnasc na n-oileán a thabhairt chun críche, caillteanais an ghréasáin dáileacháin a laghdú agus an méid a íocann an tomhaltóir deiridh chun costais riaráistí na miondíoltóirí leictreachais a chumhdach a laghdú.

(32) Cuireann an Ghréig fóirdheontais shuntasacha ar fáil le haghaidh breoslaí iontaise agus níl sé beartaithe aici deireadh a chur leo de réir a chéile faoi 2030, amhail fóirdheontais le haghaidh úsáid guail agus cóic le haghaidh úsáidí tionsclaíocha, úsáidí atá neamhéifeachtúil go heacnamaíoch agus a bhuanaíonn an spleáchas ar bhreoslaí iontaise. Go háirithe, fóirdheontais breoslaí iontaise nach bhfuil sé d’aidhm acu bochtaineacht fuinnimh a laghdú ná slándáil fuinnimh a fheabhsú, cuireann siad bac ar an bpróiseas leictrithe agus níl siad ríthábhachtach don iomaíochas tionsclaíoch, agus dá bhrí sin, d’fhéadfaí iad a mheas mar thosaíocht sa phróiseas céimnithe amach. Sa Ghréig, tugann an córas cánachais fuinnimh tús áite i gcónaí do bhreoslaí iontaise seachas leictreachas, rud a thugann teachtaireacht nach bhfuil soiléir maidir le praghsanna de i bhfianaise sciar méadaithe na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh den táirgeadh foriomlán leictreachais. Mar thoradh air sin, tá praghsanna fuinnimh deiridh níos ísle i gcás breoslaí iontaise ná mar atá i gcás leictreachais, agus tá an Ghréig i measc Bhallstáit an Aontais ag a bhfuil an cóimheas praghsanna is airde idir leictreachas agus gás. Thairis sin, is í an Ghréig fós an tír den Aontas ina bhfuil dleachtanna máil díosail an-íseal i gcomparáid le dleachtanna máil peitril, cé go bhfuil breosla díosail níos díobhálaí don chomhshaol. Dá bhrí sin, dá ndéanfaí cánacha fuinnimh a athchalabrú, an tráth céanna le deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breoslaí iontaise, d’fhéadfaí dreasachtaí níos láidre a chur ar fáil don leictriú. Ar deireadh, dá mbainfí úsáid níos spriocdhírithe as foinsí ioncaim (e.g. CTA), d’fhéadfaí acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh ar phríomhscéimeanna tacaíochta (e.g. cuntas foinsí in-athnuaite fuinnimh) chomh maith le dícharbónú na tionsclaíochta agus na hearnála iompair a chur chun cinn a thuilleadh, rud a rannchuideodh a thuilleadh le haistriú glas na Gréige ar bhealach cothrom cuimsitheach.

(33) Is ag an nGréig atá ceann de na flíteanna feithiclí is sine san Aontas, agus is dá thairbhe sin atá earnáil iompair na Gréige ar cheann de phríomhastaírí $CO_2$ na tíre. Bhainfeadh an Ghréig tairbhe as straitéis chuimsitheach a tharraingt suas, lena n-áirítear plean infheistíochta agus athchóirithe, chun dícharbónú na hearnála iompair a chur chun cinn trí úsáid modhanna leictreacha iompair a leathnú, lena n-áirítear acmhainneacht agus cáilíocht an iompair phoiblí uirbigh a fheabhsú. Thairis sin, trí na glaonna ar thairiscintí le haghaidh seirbhísí iompair idir-réigiúnacha agus uirbeacha de bhus a chur i gcrích, cruthóidh an Ghréig timpeallacht níos sábháilte agus níos fabhraí chun nuachóiriú agus glasú a flít busanna a chur chun cinn. Rannchuideodh uasghrádú na gcríochfort bus sna príomhchathracha ar bhealach dearfach chun iompar idirmhódach a chur chun cinn freisin. Thairis sin, tá tairbhí suntasacha eacnamaíocha agus comhshaoil ag baint le hathnuachan chabhlach loingseoireachta paisinéirí na Gréige, ós rud é go bhfuil os cionn 80 % dá longa paisinéirí os cionn 20 bliain d’aois agus nach bhfuil teicneolaíochtaí glasa acu. Forbraíodh máistirphlean chun cabhlach

loingseoireachta paisinéirí na Gréige a athnuachan mar chuid de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige, agus is féidir leis bonn eolais a chur faoi chinntí beartais maidir le huasghráduithe soithí, bonneagar calafoirt agus maoiniú.

(34) Tá an Ghréig tiomanta dá córas náisiúnta iarnróid a uasghrádú. Is é is aidhm don athchóiriú leanúnach iarnróid a fhaigheann tacaíocht ó STA earnáil iarnróid na Gréige a dhéanamh níos sábháilte, níos éifeachtúla, níos comhtháite, níos nua-aimseartha agus níos freagrúla d'éileamh custaiméirí, agus béim á leagan ar acmhainneacht agus infheistíochtaí an bhainisteora bonneagair a fheabhsú. Chun tacú leis na hiarrachtaí sin, tá sé ríthábhachtach an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid a rolladh amach agus acmhainneacht oibríochtúil Údarás Rialála Iarnróid na Gréige a neartú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar shrianta acmhainní. Trí chóras iarnróid nua-aimseartha éifeachtúil a fhorbairt, is féidir leis an nGréig leas a bhaint as a seasamh straitéiseach mar thairseach idir an Eoraip, an Mheánmhuir Thoir agus réigiún na Mara Duibhe, agus córas iompair iontaofa, iomaíoch agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a fhorbairt a thacóidh leis an bhforbairt réigiúnach, leis an gcomhtháthú, leis an nascacht trasteorann agus leis an bhfás eacnamaíoch.

(35) Tá an Ghréig an-leochaileach i leith an athraithe aeráide agus teagmhais adhaimsire ghaolmhara, mar shampla triomaigh dhiana, tuilte, falscaithe agus tonnta teasa. Mar gheall ar mhinicíocht agus déine mhéadaitheach na dteagmhas sin, tá gá le hobair atógála chostasach an bhonneagair lena mbaineann agus le hathshlánú limistéar mór foraoise agus talmhaíochta. Faoi láthair, níl straitéis chuimsitheach ag an nGréig a bhfuil leithdháileadh soiléir freagrachtaí ag gabháil leis, lena n-áirítear an riarachán réigiúnach agus áitiúil, chun infheistíochtaí oiriúnaithe don athrú aeráide a phleanáil agus a chur chun feidhme. Trí chóras rialachais il-leibhéil a bhunú agus breithnithe maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a phríomhshruthú ar fud an riaracháin phoiblí agus na bpríomhearnálacha (e.g. fuinneamh agus iompar), sholáthródh an Ghréig creat níos cumasaithe chun infheistíochtaí i bpríomhbhonneagar a dhéanamh níos athléimní ó thaobh na haeráide de ar bhealach inbhuanaithe agus éifeachtúil ar fud na tíre, lena n-áirítear i réigiúin chósta agus oileánacha. Chuige sin, ba ghá tús áite a thabhairt do phleanáil rioscabhunaithe agus d'infheistíocht phoiblí agus phríobháideach leordhóthanach a shlógadh, go háirithe in earnálacha nach dtugtar aghaidh go leordhóthanach ar leochaileachtaí aeráide iontu go fóill, lena n-áirítear earnálacha iompair agus earnálacha atá spleách ar an muir atá neamhchosanta ar rioscaí suntasacha aeráide. Thairis sin, is chun tairbhe don Ghréig a rachadh sé cur chuige struchtúrtha a ghlacadh maidir le maoiniú rioscaí tubaiste agus tuilleadh gníomhaíochta beartais a dhéanamh chun ráta cumhdaigh an árachais phríobháidigh a mhéadú, lena n-áirítear straitéis náisiúnta a ghlacadh maidir le hárachas príobháideach in aghaidh tubaistí nádúrtha. Cé gur thug an Ghréig roinnt beart isteach le blianta beaga anuas arb é is aidhm dóibh an cumhdach árachais phríobháidigh a mhéadú, tá an cumhdach fós ar cheann de na cinn is ísle san Aontas, agus tá an éagsúlacht idir réigiún na hAtaice agus réigiúin eile ard.

(36) Tá an Ghréig ar cheann de na tíortha is mó san Aontas ina bhfuil strus maidir le huisce ann, agus is í an talmhaíocht an tomhaltóir is mó acmhainní uisce, agus í freagrach as os cionn 80 % den úsáid iomlán uisce. Tá soláthar uisce na tíre faoi bhrú mór, agus tá an staid níos measa mar gheall ar thriomaigh fhada agus báisteach fhoircneach, ach mar sin féin, níl aon chreat leordhóthanach ann chun uisce dromchla agus báistí a bhailiú agus a stóráil, agus tá athúsáid fuíolluisce chóireáilte srianta. Faoina plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, d'fhorbair an Ghréig Straitéis Náisiúnta Uisce nua maidir le húsáid éifeachtúil inbhuanaithe acmhainní uisce agus thug sí

isteach tionscnamh píolótach chun mórsholáthraithe seirbhísí uisce a atheagrú. Tá cur chun feidhme na straitéise sin, mar aon le hinfheistíocht a dhéanamh i mbainistiú inbhuanaithe uisce agus i mbonneagar, ríthábhachtach chun bonneagar athléimneach a thógáil agus a chothabháil agus chun úsáid éifeachtúil acmhainní uisce a chur chun cinn. Faoin athbhreithniú meántéarma ar an mbeartas comhtháthaithe, mhéadaigh an Ghréig leithdháiltí ar infheistíochtaí uisce. Tionscnaimh chun bainistiú ciorclach uisce agus bainistiú éilimh a chur chun cinn, chomh maith le hiarrachtaí chun feasacht an phobail a mhúscailt maidir le luach agus sábháilteacht fuíolluisce atá cóireáilte go leordhóthanach, is féidir leo cuidiú le ganntanas uisce a mhaolú agus éifeachtúlacht fhoriomlán bhainistiú inbhuanaithe an tsoláthair uisce a fheabhsú.

(37) Tá dúshláin roimh an nGréig maidir le bainistiú dramhaíola. D'ainneoin gur tugadh isteach cáin ar líonadh talún in 2022, tá thart ar 80 % den dramhaíl chathrach fós á cur i líonadh talún. Leis an easpa saoráidí leordhóthanacha athchúrsála agus an dul chun cinn teoranta atá déanta maidir le leibhéil athchúrsála a mhéadú, leibhéil nach bhfuil fágtha ach 17.4 % i gcomparáid le 48 % san Aontas, léirítear an gá atá le cur chuige níos cuimsithí agus níos comhtháite maidir le bainistiú dramhaíola. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tá sé ríthábhachtach na pleananna réigiúnacha bainistithe dramhaíola a thabhairt cothrom le dáta, i gcomhréir le ceanglais na Treorach maidir le Dramhaíl agus infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar bainistithe dramhaíola soladaí. D'áireofaí leis sin scéimeanna 'íoc mar a chaitear' a ghlacadh, cláir bhailithe ar leithligh a fhorfheidhmiú go tráthúil, agus acmhainneacht na gcomhlachtaí réigiúnacha bainistithe dramhaíola soladaí a neartú, go háirithe i limistéir amhail oileáin ina bhfuil srianta acmhainneachta níos measa le linn buaicthréimhsí turasóireachta. Trí na céimeanna sin a ghlacadh, is féidir leis an nGréig a spleáchas ar líonadh talún a laghdú, leibhéil athchúrsála a mhéadú, agus cleachtais bainistithe dramhaíola níos éifeachtaí a chur chun cinn.

(38) Tá feidhmíocht fostaíochta fhoriomlán na Gréige láidir le blianta beaga anuas, rud a laghdaigh an bhearna i leith mheán an Aontais. Mar sin féin, fágann rannpháirtíocht an-íseal na mban i margadh an tsaothair go bhfuil bearna fostaíochta idir na hinscní beagnach dhá oiread mheán an Aontais. Tá líon suntasach daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (13,6 % in 2025) ag an nGréig freisin agus grúpaí leochaileacha amhail daoine faoi mhíchumas, náisiúnaigh tríú tír nó Romaigh, bíonn deacrachtaí acu rochtain a fháil ar an margadh fostaíochta. Trí shocruithe solúbtha oibre a spreagadh a thuilleadh, seirbhísí cúraim leanaí agus cumhdach an chúraim fhadtéarmaigh a mhéadú, is féidir an bealach a réiteach le haghaidh líon níos airde daoine a bheith ag obair, go háirithe daoine óga, mná agus grúpaí leochaileacha agus cáilíocht poist a fheabhsú. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a threisiú, agus aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna trí na córais oideachais agus oiliúna a dhíriú níos fearr ar riachtanais mhargadh an tsaothair agus trí fheabhas a chur ar chomhordú, éifeachtacht agus torthaí na gclár foghlama aosaí. Cé go bhfuil creataí straitéiseacha á gcur i bhfeidhm agus go bhfuil roinnt beart ar bun, tá sciar ard den daonra fós i mbaol bochtaineachta agus tá éifeachtacht na n-aistrithe sóisialta faoi bhun mheán an Aontais agus tá sé ag laghdú go suntasach le blianta beaga anuas. Riachtanais cúraim leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu, soláthar íseal cúraim fhadtéarmaigh, costais arda tithíochta agus rátaí díothachta, cuireann siad béim ar an ngá atá le córas láidir cosanta sóisialta agus le tuilleadh gníomhaíochta beartais. Tá infhaighteacht seirbhísí sóisialta agus seirbhísí riachtanacha teoranta i gcónaí, rud a théann chun dochair do phobail imeallaithe agus iargúlta.

(39) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus le cistí eile ón Aontas, tá roinnt dúshláin bhreise le sárú ag an nGréig i ndáil leis an oideachas. Rannphháirtíocht in oideachas agus i gcúram na luath-óige ó thrí bliana d'aois go dtí aois tosaigh an oideachais éigeantaigh ar leibhéal na bunscoile, tá sí fós an-íseal. In 2019 (na sonraí is déanaí ó Eurostat maidir leis an nGréig), is san áit dheireanach a rangaíodh an Ghréig i measc Bhallstáit an Aontais ó thaobh ráta clárúcháin de, agus fágann easpa sonraí níos déanaí ná sin go bhfuil sé deacair faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn. Tá rannphháirtíocht in oideachas luath-óige agus i gcúram ag aoiseanna níos óige fós an-íseal freisin. In 2024, d'fhreastail 28,8 % de leanaí na Gréige faoi bhun trí bliana d'aois ar oideachas agus ar chúram na luath-óige (AE 39,3 %). Ráta an-íseal atá ann i gcás leanaí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta. Iarrtar ar an nGréig méadú a dhéanamh ar ráta rannphháirtíochta leanaí faoi bhun trí bliana d'aois chun sprioc athbhreithnithe Barcelona 42,8 % a bhaint amach faoi 2030.

(40) De réir an Chláir Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí is déanaí de chuid ECFE in 2022, ní bhaineann sciar ard de scoláirí na Gréige 15 bliana d'aois íosleibhéal inniúlachta amach sna bunscileanna. Tá na rátaí tearcghnóthachtála ar na rátaí is airde san Aontas agus tá fás tagtha orthu sin ó bhí 2018 ann i ngach grúpa socheacnamaíoch, rud a léiríonn go bhfuil dúshláin struchtúracha ann maidir le cáilíocht agus cothromas an chórais oideachais. Is féidir na dúshláin sin a bhaineann an bonn de thorthaí oideachais na Gréige a nascadh le cistiú teoranta le haghaidh beartais oideachais, leibhéal íseal neamhspleáchais scoile, modhanna measúnaithe daltaí atá as dáta, agus deacrachtaí maidir le modhanna teagaisc atá bunaithe ar inniúlachtaí agus cineálacha cur chuige teagaisc tiomnaithe a chur chun feidhme do dhaltaí faoi mhíchumas agus do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is beag deis a bhíonn ag múinteoirí forbairt ghairmiúil leanúnach a dhéanamh, rud a chuireann isteach a thuilleadh ar cháilíocht an oideachais, in éineacht le heaspa cultúir meastóireachta múinteoirí.

(41) Ag 16,6 %, tá rannphháirtíocht daoine fásta san oiliúint i bhfad níos ísle ná meán an Aontais agus tá sé ar gcúl go mór maidir le sprioc 2030 na Gréige, mar atá 40 %. Le héifeachtacht theoranta na sásraí réamhaisnéise scileanna, tá mímheaitseálacha scileanna fós ann. Le feidhmíocht lag an chórais gairmoideachais agus gairmoiliúna, baintear an bonn d'iarrachtaí chun an bhearna scileanna i margadh an tsaothair a dhúnadh. D'ainneoin éileamh atá ag dul i méid, tá céatadán na speisialtóirí TFC san fhostaíocht iomlán ar an sciar is ísle san Aontas, ag 2,5 %. Thairis sin, in 2025 ba é 50,96 % sciar foriomlán na ndaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha nó scileanna digiteacha os cionn an bhunleibhéil acu, sciar atá 10 bpointe céatadáin níos ísle ná meán an Aontais. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, thacófaí freisin leis an gcóineasú sóisialta aníos, i gcomhréir le hanailís tíre dara céim de sheirbhísí an Choimisiúin ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta([17]) .

(42) Tá praghsanna tithe ag ardú ar luas ard ó bhí 2019 ann, mar gheall ar éileamh láidir agus gníomhaíocht laghdaithe san earnáil tógála. Tháinig méadú ar an éileamh intíre sa tréimhse tar éis na paindéime agus tá sé fós láidir. In 2025 tháinig laghdú measartha beag ar an éileamh eachtrach, rud a spreagadh leis an gclár víosaí órga agus le deiseanna infheistíochta sa turasóireacht. Tá srian ar an soláthar tithíochta mar gheall ar bhlianta d'infheistíocht tithíochta mhall, rud atá fós íseal i gcomparáid leis an Aontas d'ainneoin an mhéadaithe a tháinig le déanaí ar ghníomhaíocht san earnáil

[17] SWD(2026)122 final – Anailís tíre dara céim ar chóineasú sóisialta i gcomhréir leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta.

tógála. Na méaduithe a tháinig ar phraghsanna tithe agus ar chíos, sháraigh siad fás ioncaim, agus mar sin tháinig meath ar inrochtaineacht tithíochta, rud a rinne difear do chuid mhór de dhaonra na Gréige. Mar chuid de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige, is gá fós an straitéis náisiúnta tithíochta agus an clár malartaithe cómhalartach maoine poiblí (*"Kinoniki Antiparochi"*) a chur chun feidhme, arb é is aidhm dóibh forbróirí san earnáil phríobháideach a dhreasú chun infheistíocht a dhéanamh i dtithíocht inacmhainne agus shóisialta, a luaithe a ghlacfar iad.

(43) Trína plean téarnaimh agus athléimneachta, tá infheistíocht déanta ag an nGréig san aistriú i dtreo córas cúraim sláinte atá bunaithe ar chúram príomhúil. Tá gá le cur leis na hiarrachtaí sin chun rochtain ar chúram sláinte ardcháilíochta agus inacmhainne a chur chun cinn a thuilleadh agus chun na riachtanais arda cúraim sláinte nach bhfuiltear ag freastal orthu arna dtuairisciú ag an bpobal a laghdú. Áirítear leis sin feidhmiú athchóirithe an chórais dochtúirí pearsanta agus an chórais atreoraithe a áirithiú agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais altraí agus dochtúirí ginearálta, chomh maith lena míchothromaíochtaí geografacha, ar dúshlán mór fós iad, rud a chuireann bac ar rochtain ar chúram. Nasctha leis sin, tuairiscíonn an Ghréig fós an sciar is airde d'íocaíochtaí neamh-in-aisíoctha ar fud an Aontais. Chun cuidiú le haghaidh a thabhairt air sin, tá sé ríthábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar scála ranníocaíochtaí an othair féin ar chúram sláinte agus cumhdach poiblí ar chúram fiaclóireachta a chur ar fáil. I bhfianaise infheistíochtaí na Gréige in aistriú digiteach an chúraim sláinte, cuideoidh iarrachtaí breise chun litearthacht sláinte digití a mhéadú le dlús a chur le glacadh uirlisí agus seirbhísí sláinte digiteacha. Amach anseo, beidh sé ríthábhachtach sonraí ardcháilíochta a chur ar fáil agus a ghiaráil ó gach cearn den earnáil chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartas ardtionchair chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sa chóras cúraim sláinte.

(44) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2026 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Gréige, cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh, an tríú moladh, agus an cheathrú moladh déag maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (2) le cur chun feidhme an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (3) le cur chun feidhme an seachtú moladh, an ochtú moladh, an naoú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (4) le cur chun feidhme an seachtú moladh maidir leis an limistéar euro agus cuidíonn moladh (5) le cur chun feidhme an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro.

(45) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimse na scileanna agus réimse an oideachais, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an nGréig in 2026, d'fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Ghréig in 2026 agus 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Leanúint de chloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025, agus úsáid á baint as an solúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta le

haghaidh caiteachas cosanta níos airde. Caiteachas agus ullmhacht i réimse na cosanta a threisiú agus éifeachtúlacht caiteachais a áirithiú an tráth céanna, agus an buiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir de a chothú. A áirithiú gur beart sealadach a bheidh in aon bheart a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a eascraíonn as an ngéarchéim a mhaolú, agus gur beart é atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. Leanúint de na hiarrachtaí feabhas a chur ar chomhlíonadh cánach, lena n-áirítear trí chigireachtaí custaim agus cánach a lárú agus a dhigiteáil a thuilleadh agus trédhearcacht an chórais cánach a fheabhsú trí mheastóireacht agus réasúnú a dhéanamh ar chaiteachas cánach. Éifeachtacht agus éifeachtúlacht an riaracháin phoiblí a fheabhsú a thuilleadh tríd an gcreat rialachais il-leibhéil a chur chun feidhme ina iomláine. Leanúint den laghdú leanúnach ar stoc na n-iasachtaí neamhthuillmheacha atá i seilbh banc agus seirbhíseoirí creidmheasa trí dhlús a chur le himeachtaí cúirte a bhaineann le leachtú.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. An dlús cur chun feidhme a choinneáil ar bun faoi chláir an bheartais comhtháthaithe, rud arbh é an dúshraith a bheadh faoi, i gcásanna inarbh iomchuí, ath-leithdháileadh tosaíochtaí straitéiseacha agus solúbthachtaí san athbhreithniú meántéarma ar an gcreat beartais comhtháthaithe.

3. Rialáil a shimpliú, nósanna imeachta riaracháin a chuíchóiriú agus a dhigiteáil. Na creataí rialála le haghaidh ceadúnú comhshaoil agus comhaontuithe lamháltais maidir leis an gcladach a chur i gcrích. Na bacainní iontrála arda ar fheidhmiú seirbhísí gairmiúla agus ar bhunú gnólachtaí a bhaint. Rialachas an chórais náisiúnta taighde, forbartha agus nuálaíochta a fheabhsú trí ilroinnt bhainistiú agus chistiú an bheartais taighde a laghdú. Rochtain ar mhaoiniú a éascú do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, lena n-áirítear trí chothromas príobháideach áitiúil agus caipiteal fiontair a fhorbairt. Digiteáil gnólachtaí a chur chun cinn, go háirithe FBManna. Leanúint de na hiarrachtaí chun imeachtaí breithiúnacha a chuíchóiriú agus a bhfad a chiorrú trí dhlús a chur le himeachtaí sibhialta agus imeachtaí soláthair phoiblí. An t-athchóiriú ar an bpleanáil uirbeach a thabhairt chun críche trí theacht i bhfeidhm pleananna uirbeacha lena gcumhdaítear an chríoch iomlán.

4. Leictreachas inacmhainne a chur chun cinn trí réitigh sholúbthachta agus acmhainneacht gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt, idirnaisc na n-oileán a chur i gcrích agus cáilíocht agus acmhainneacht an ghréasáin dáileacháin a fheabhsú. Cánacha fuinnimh a athchalabrú chun leictriú a dhreasú bearta nithiúla a dhéanamh chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breoslaí iontaise, go háirithe san earnáil tionsclaíochta. Dlús a chur le dícharbónú na hearnála iompair, an t-athchóiriú ar iompar de bhus a thabhairt chun críche agus an córas náisiúnta iarnróid a leathnú agus a uasghrádú, lena n-áirítear imscaradh an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid. Athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a neartú trí phríomhbhonneagar a dhíonadh ó thaobh na haeráide de agus bearta a dhéanamh chun cumhdach árachais phríobháidigh in aghaidh damáistí a bhaineann le tubaistí nádúrtha a mhéadú. Feabhas a chur ar bhainistiú uisce agus ar bhonneagar uisce. Na pleananna bainistithe dramhaíola a thabhairt cothrom le dáta agus feabhas a chur ar

bhainistiú dramhaíola soladaí, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus ar na hoileáin.

5. Ráta fostaíochta na mban, na ndaoine óga agus na ngrúpaí leochaileacha a mhéadú, agus cáilíocht na bpost a fheabhsú trí shocruithe solúbtha oibre a chur chun cinn agus trí oideachas agus cúram foirmiúil luath-óige, cúram sláinte agus cúram fadtéarmach a leathnú. Feabhas a chur ar thorthaí oideachais trí oiliúint agus meastóireacht múinteoirí, agus neamhspleáchas scoile, a fhorbairt. Leanúint de shochair shóisialta a chuíchóiriú agus rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú. Soláthar tithíochta inacmhainne agus sóisialta a leathnú, lena n-áirítear trí chód tógála nua. Rochtain ar chúram sláinte ardcháilíochta inacmhainne a chur chun cinn trí chúram sláinte príomhúil a neartú, trí dhul i ngleic le ganntanais agus míchothromaíochtaí geografacha altraí agus dochtúirí, agus trí íocaíochtaí neamh-in-aisíoctha a laghdú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*